Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16031/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0571(APP)**
**2025/0574(CNS)**

**CADREFIN 340**
**POLGEN 214**
**FIN 1461**
**RESPR 45**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí maidir le CAI don tréimhse 2028-2034, ina bhfuil tograí le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos CAI do na blianta 2028-2034, le haghaidh comhaontú idirinstitiúideach maidir leis an smacht buiséadach, le haghaidh comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais, a bhfuil roinnt tograí reachtacha earnála ag gabháil leis. An 3 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha earnála breise.

## II. STAID NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

2. An 2 Iúil 2025, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe bunú na Meithle Ad Hoc um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil[1] chun scrúdú a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán CAI agus le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach, chomh maith le saincheisteanna ábhartha airgeadais agus cothrománacha na dtograí earnála, lena n-áirítear creat rialachais ginearálta agus struchtúr na gclár éagsúil. Bhí gnéithe nach bhfuil idir lúibíní de thograí CAI le scrúdú sna trí fhoghrúpa de chuid na Meithle Ad Hoc um CAI[2] agus i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle. Ar deireadh, bhí an Mheitheal um Acmhainní Dílse fós freagrach as scrúdú a dhéanamh ar thograí a bhaineann le hacmhainní dílse an Aontais.

3. Chuir an Coimisiún pacáiste CAI faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe an 16 Iúil 2025, na Comhairle Gnóthaí Ginearálta agus na Meithle Ad Hoc um CAI an 18 Iúil 2025, agus faoi bhráid na Meithle um Acmhainní Dílse an 22 Iúil 2025.

4. Ó shin i leith, rinneadh iarracht shuntasach athbhreithniú a dhéanamh ar na tograí agus anailís a dhéanamh ar a n-impleachtaí cothrománacha agus airgeadais.

5. Thionóil an Mheitheal Ad Hoc um CAI 24 chruinniú idir an 18 Iúil agus an 4 Nollaig 2025. Le linn na n-imeachtaí sin, rinne an Coimisiún cur i láthair mionsonraithe ar phacáiste CAI, lena gcumhdaítear gnéithe airgeadais agus gnéithe cothrománacha eile de thograí earnálacha, agus ar ioncam. Bhí deis ag na Ballstáit a gceisteanna a chur ar an gCoimisiún agus bhí seisiún tuairimíochta acu maidir le gnéithe ábhartha na dtograí. Chuir an Uachtaránacht tús leis an scrúdú agus leis an bplé trí cheistneoir a chur faoi bhráid na dtoscaireachtaí inar díríodh ar 6 cheist chothrománacha, lena gcumhdaítear an struchtúr, an tsolúbthacht, tionchar agus feidhmíocht CAI, chomh maith leis an gcoinníollacht, an riarachán agus ioncam.

---

1 10989/25.

2 Leagtar amach sainordú na dtrí fhoghrúpa den Mheitheal Ad Hoc um CAI in 11740/25. Tá tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir leis an obair a rinne foghrúpaí na Meithle Ad Hoc ar fáil in 15864/25, 16400/25 agus 16312/25.

6. Thiomnaigh an Uachtaránacht cruinnithe den Mheitheal Ad Hoc um CAI i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair do ghnéithe cothrománacha de phacáiste CAI, lena n-áirítear simpliú, solúbthacht, rialachas, tionchar agus feidhmíocht. Díríodh sna cruinnithe freisin ar ghnéithe airgeadais agus cothrománacha de Cheannteideal 2, 'Iomaíochas, rathúnas agus slándáil', agus go háirithe ar an gCiste Eorpach nua um Iomaíochas agus ar na hidirnaisc atá aige le cláir eile. Léiríodh an anailís agus na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl i ndréacht le haghaidh gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de dhréachtbhosca caibidlíochta amach anseo (gnéithe cothrománacha agus Ceannteideal 2), agus pléadh é sa Mheitheal Ad Hoc um CAI agus i gCoiste na mBuanionadaithe sula raibh díospóireacht bheartais acu maidir le gnéithe cothrománacha agus Ceannteideal 2 ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta i mí Dheireadh Fómhair.

7. Bhí cruinnithe mhí Dheireadh Fómhair den Mheitheal Ad Hoc um CAI dírithe den chuid is mó ar scrúdú a dhéanamh ar Cheannteideal 1, 'Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí', inar leagadh béim ar phríomhghnéithe na bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, a gcreat tagartha beartais, an simpliú, eochracha leithdháilte, céimlaghdaitheacht na tacaíochta ioncaim sa Chomhbheartas Talmhaíochta, NextGenerationEU a aisíoc, coinníollachtaí cothrománacha, Saoráid an Aontais agus Catalyst Europe. Léiríodh an anailís agus na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl i ndréacht le haghaidh gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de dhréachtbhosca caibidlíochta amach anseo (Ceannteideal 1). Bhí an réimse beartais sin á phlé roinnt uaireanta ag Coiste na mBuanionadaithe agus ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta i mí na Samhna.

8. Ar deireadh, i mí na Samhna, scrúdaigh an Mheitheal Ad Hoc um CAI Ceannteideal 3, 'An Eoraip Dhomhanda', lena n-áirítear tacaíocht don Úcráin, chomh maith le Ceannteideal 4, 'Riarachán', agus ioncam. Léiríodh an anailís agus na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl, mar a tharla go dtí seo, i ndréacht le haghaidh gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de dhréachtbhosca caibidlíochta amach anseo (Ceannteideal 3, 4 agus ioncam).

9. Ag na cruinnithe a bhí aici i mí na Nollag, thug an Mheitheal Ad Hoc um CAI a anailís tosaigh ar an bpacáiste chun críche, d'fhonn gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de dhréachtbhosca caibidlíochta iomlán amach anseo a ullmhú a bheidh le tarraingt suas ag an Uachtaránacht.

10. Le linn an phróisis, agus arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, chuir an Coimisiún faisnéis agus soiléirithe breise ar fáil ó bhéal agus lena chois sin i 39 gcinn de *fiches* teicniúla, rud a rinne sé idir mí Iúil agus mí na Samhna 2025. D'eagraigh an Uachtaránacht 4 sheimineár theicniúla freisin i gcomhar leis an gCoimisiún, chun soiléiriú teicniúil éifeachtúil ar ghnéithe de thogra CAI a éascú, lena gcumhdaítear na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (critéir leithdháilte agus tionchar airgeadais), ioncam, ionstraimí airgeadais, rialachas, an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas Iascaigh.

11. Ó mhí Iúil go mí Dheireadh Fómhair, dhírigh an Mheitheal um Acmhainní Dílse 5 chruinniú ar scrúdú a dhéanamh ar an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le córas acmhainní dílse an Aontais. Thairis sin, bhí díospóireacht bheartais maidir leis an gcóras acmhainní dílse an 10 Deireadh Fómhair ag Comhairle Ecofin. Le linn an phróisis, agus arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, chuir an Coimisiún faisnéis agus soiléirithe breise ar fáil ó bhéal agus lena chois sin i 13 cinn de *fiches* teicniúla, rud a rinne sé idir mí Iúil agus mí na Samhna 2025. Cuireadh an Mheitheal Ad Hoc um CAI ar an eolas faoin obair a rinneadh sa Mheitheal um Acmhainní Dílse an 19 Samhain, agus ina dhiaidh sin chuaigh an Mheitheal Ad Hoc um CAI i mbun oibre ar chúrsaí ioncaim.

12. Ina theannta sin, scrúdaigh foghrúpaí de chuid na Meitheal Ad Hoc um CAI agus comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle tograí earnálacha CAI.

13. Le linn Uachtaránacht na Danmhairge, bhí deis ag na toscaireachtaí freisin CAI a phlé i gCoiste na mBuanionadaithe 7 n-uaire. Chomh maith leis an bpacáiste a thíolacadh i mí Iúil, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta maidir le CAI a bhí tiomnaithe do ghnéithe cothrománacha agus do Cheannteideal 2 ag an gcruinniú a bhí aici i mí Dheireadh Fómhair, agus do Cheannteideal 1 ag an gcruinniú a bhí aici i mí na Samhna.

## III. <u>CAIDREAMH LE PARLAIMINT NA hEORPA</u>

14. Tá Uachtaránacht na Danmhairge, i gcomhar le hUachtaránachtaí amach anseo na Cipire agus na hÉireann, tiomanta d'obair a dhéanamh ar CAI de mheon na hoscailteachta agus an chomhair chuidithigh le Parlaimint na hEorpa (PE).

15. Chuige sin, an 4 Iúil 2025, chuir Uachtaránacht na Danmhairge litir chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, thar ceann Uachtaránachtaí inteachta na Cipire agus na hÉireann freisin, inar sonraíodh módúlachtaí comhair don obair ar CAI. Go háirithe, mhol na hUachtaránachtaí go n-eagrófaí seisiúin tuairimíochta le hionadaithe PE roimh gach cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta nuair a bheidh an CAI ar a clár oibre agus i ndiaidh na gcruinnithe sin.

16. Thairis sin, ar thionscnamh an Choimisiúin, tionóladh cruinniú idir Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin an 10 Samhain 2025, de bhun Airteagal 324 CFAE.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

17. Ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal Ad Hoc um CAI, i gCoiste na mBuanionadaithe agus sa Chomhairle, thíolaic an Uachtaránacht dréachtbhosca caibidlíochta[3]. Is é is cuspóir don dréachtbhosca caibidlíochta na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu le linn na caibidlíochta maidir le CAI a shainaithint, agus i gcás inarb iomchuí, an plé ar roghanna agus ar réitigh ar shaincheisteanna aonair a éascú. Níl sé d’aidhm ag cur i láthair an dréachtbhosca caibidlíochta go dtiocfadh aon díospóireachtaí críochnúla as ag an gcéim seo. Is faoi fhreagracht na hUachtaránachta amháin a ullmhaítear é agus níl sé ina cheangal ar aon toscaireacht.

18. I bhfianaise a chasta atá an plé, tá an Uachtaránacht den tuairim gur cheart roinnt gnéithe den dréachtbhosca caibidlíochta a bhreithniú a thuilleadh ar an leibhéal teicniúil, le go mbainfear tairbhe as na mionchoigeartuithe a d’fhéadfadh a bheith ann, ach tá treoir pholaitiúil de dhíth ar ghnéithe eile chun go ndéanfar dul chun cinn ina leith.

19. Iarrann an Uachtaránacht ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh a thabhairt dá n-aire roimh an tuarascáil ó bhéal a chuirfidh an Uachtaránacht faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag 2025 agus roimh an seisiún tuairimíochta gaolmhar.

---

[3] ST 16344/25